Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Samhain 2026
(OR. en)

15393/26

Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0581 (CNS)

FISC 393
ECOFIN 1419
MI 1132
SAN 768
UD 320

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2020/262 a mhéid a bhaineann leis na socruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil i ndáil le tobac amh, tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac - Cur chuige ginearálta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht.

2025/0581 (CNS)

Dréacht

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir (AE) 2020/262 a mhéid a bhaineann leis na socruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil agus Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha i ndáil le tobac amh, tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2], Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, De bharr an mhéid a leanas:

1 IO C, , lch. .
2 IO C, , lch. .

(1) I dTreoir (AE) 2020/262 ón gComhairle[3], leagtar síos socruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil a thoibhítear ar thomhailt earraí máil áirithe, lena n-áirítear tobac monaraithe a chumhdaítear le Treoir 2011/64/AE ón gComhairle[4]. Cuirtear Treoir (AE) XX/XXX ón gComhairle *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir agus bliain na Treorach ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac arna glacadh an lá céanna leis an Treoir seo]*[5] in ionad Threoir 2011/64/AE, lenar bunaíodh struchtúr agus rátaí dleachta máil tobac mhonaraithe, le héifeacht ón 1 Eanáir 2028. Le Treoir (AE) XX/XXX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir agus bliain na Treorach ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac arna glacadh an lá céanna leis an Treoir seo]* cumhdaítear tobac amh agus roinnt táirgí nua a fheidhmíonn mar tháirgí ionaid do thobac monaraithe, ina bhfuil tobac nó nicitín. Dá bhrí sin, ba cheart liosta na n-earraí máil a bhfuil feidhm ag Treoir (AE) 2020/262 maidir leo a leasú chun tobac amh agus na táirgí sin go léir a chumhdach freisin.

---

3 Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/262/oj).

4 Treoir 2011/64/AE ón gComhairle an 21 Meitheamh 2011 maidir le struchtúr agus rátaí na ndleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe (IO L 176, 5.7.2011, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/64/oj).

5 Treoir XX/XXX ón gComhairle *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir agus bliain agus tagairt IO na Treorach ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac arna glacadh an lá céanna leis an Treoir seo]*.

(1a) Le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle[6] lena mbunaítear an comhchóras cánach breisluacha (CBL), sainmhínítear gur 'táirgí atá faoi réir dleacht mháil' chun críocha na Treorach sin iad '*... táirgí fuinnimh, alcól agus deochanna alcólacha agus tobac monaraithe, mar a shainmhínítear i reachtaíocht reatha an Chomhphobail...*'[7].

(1b) Ós rud é go leathnaítear raon feidhme Threoir (AE) XX/XXX ón gComhairle [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir agus bliain na Treorach ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac arna glacadh an lá céanna leis an Treoir seo*] chun táirgí nua ina bhfuil tobac nó nicitín a chumhdach, mar a luaitear thuas, ba cheart an sainmhíniú atá ann faoi láthair ar 'Táirgí atá faoi réir dleacht mháil' i dTreoir 2006/112/CE a leasú chun na táirgí nua sin a chuimsiú sa bhreis ar thobac monaraithe.

(2) Chun a áirithiú go mbraitear neamhrialtachtaí agus atreoruithe a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart oibríochtaí slabhra soláthair le haghaidh tobac amh a chur faoi réir na gceanglas rialaithe agus gluaiseachta a leagtar síos i dTreoir (AE) 2020/262. Mar sin féin, i bhfianaise an ualaigh a chuirfidís ar shaothraithe beaga agus an riosca teoranta calaoise, ba cheart do na Ballstáit saothraithe tobac, a n-eagraíochtaí agus a gcomhlachais a dhíolmhú ó na ceanglais rialaithe agus gluaiseachta sin, ar choinníoll nach bhfuil baint acu le tobac amh a chlaochlú ina thobac monaraithe.

---

6 Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj)

7 Airteagal 2(3) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle.

(3) Chun a áirithiú go ndéanfar na catagóirí nua dleachta máil i dTreoir (AE) XX/XXX ón gComhairle *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir agus bliain na Treorach ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac arna glacadh an lá céanna leis an Treoir seo]* a chomhtháthú i gceart i dTreoir (AE) 2020/262, ba cheart catagóirí nua a chur leis na treoirleibhéil maidir le héadálacha ag daoine príobháideacha dá n-úsáid féin.

(4) Níor athraíodh na leibhéil treoracha reatha a fhéadfaidh na Ballstáit a leagan síos, agus iad ag cinneadh an ndéantar éadáil ar mhaithe lena húsáid ag an duine príobháideach féin, ó tugadh isteach iad le Treoir 92/12/CEE ón gComhairle[7]. Leis an tsiopadóireacht trasteorann atá bunaithe ar cháin, trína gceannaíonn daoine príobháideacha táirgí tobac i mBallstát eile agus a dtugann siad abhaile iad lena gcaitheamh, íslítear an praghas éifeachtach ar a bhfuil tobac ar fáil. Baineann sé sin an bonn de bheartais náisiúnta sláinte poiblí a dhéanann difear d'iarrachtaí chun leitheadúlacht caithimh tobac a laghdú. Tá comhaontú ginearálta i measc na bpáirtithe leasmhara gur cheart do bheartas cánachais tobac an Aontais rannchuidiú le difríochtaí sa chánachas idir na Ballstáit a laghdú. Dá bhrí sin, chun tacú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus chun saobhadh iomaíochta a sheachaint, ba cheart na treoirleibhéil atá ann faoi láthair do tháirgí tobac a laghdú.

(5) Ina theannta sin, bhí sé deacair coincheap na húsáide dílse a fhorfheidhmiú. Chun forfheidhmiú Threoir (AE) 2020/262 a shimpliú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, ar fhógra a thabhairt don Choimisiún, maolú ar na critéir atá ann faoi láthair chun a chinneadh an bhfuil earraí máil beartaithe lena n-úsáid ag an duine príobháideach féin agus, ina ionad sin, níor cheart dóibh ach critéar amháin a chur san áireamh, eadhon cainníocht an tobac mhonaraithe agus cainníocht na dtáirgí a bhaineann le tobac. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cainníochtaí seasta a leagan síos d'earraí máil. D'fhéadfadh sé sin rannchuidiú freisin le deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú i gcur i bhfeidhm na rialacha maidir le héadálacha a dhéanann daoine aonair príobháideacha dá n-úsáid féin.

---

[7] Treoir 92/12/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 maidir leis na socruithe ginearálta i gcomhair táirgí atá faoi réir dleacht mháil agus maidir le táirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu (IO 1992 L 76, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/12/oj).

(5a) Ba cheart a shoiléiriú gur féidir dleacht mháil ar thobac monaraithe agus ar tháirgí a bhaineann le tobac a fhaigheann duine príobháideach dá úsáid féin, i gcás ina dtoirmisctear na táirgí sin a chur ar an margadh sa Bhallstát tomhaltais, a mhuirearú sa Bhallstát sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit i gcónaí, i gcomhréir leis na Conarthaí, an prionsabal céanna a chur i bhfeidhm maidir le táirgí, an tobac béil mar a shainmhínítear in Airteagal 2(8) de Threoir 2014/40/AE, mar shampla, nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach seo.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2020/262 agus Treoir 2006/112/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir (AE) 2020/262 mar a leanas:

1. In Airteagal 1(1), cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) tobac amh, tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac a chumhdaítear le Treoir (AE) XX/XXX ón gComhairle*’;

* Treoir XX/XXX ón gComhairle [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir agus bliain, tagairt IO agus ELI na Treorach ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac arna glacadh an lá céanna leis an Treoir seo].’.

2. In Airteagal 32(3), cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) maidir le tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac:

— toitíní: 200 earra,

— todóga nó todóigíní: 200 earra,

— tobac lena chaitheamh, tobac monaraithe eile: 500 g,

— tobac píopa uisce: 500 g,

— tobac téite: 400 earra nó 130 g d’fhormáidí eile,

— leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha: 40 ml,

— púitsí nicitín, táirgí nicitín eile: 280 g;’.

3. Cuirtear míreanna 3a agus 3b mar a leanas le hAirteagal 32:

‘3a. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na Ballstáit cainníochtaí socraithe de thobac monaraithe agus de tháirgí a bhaineann le tobac a leagan síos chun a chinneadh go bhfuil na hearraí máil dá dtagraítear i mír 1 beartaithe lena n-úsáid ag an duine príobháideach féin. Cé is moite de thoitíní, ní bheidh na cainníochtaí socraithe sin níos ísle ná an méid cainníochta treorach a leagtar amach i mír 3, pointe (a). I gcás toitíní, ní bheidh an chainníocht sheasta níos ísle ná méid atá cothrom leis an méid cainníochta treorach a leagtar amach i mír 3 pointe (a) móide 50%.

3b. Na Ballstáit a chinneann leas a bhaint as an maolú i gcomhréir le mír 3a, cuirfidh siad fógra chuig an gCoimisiún roimh ré.

3c. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin go mbeidh dleacht mháil dlite sa Bhallstát tomhaltais i gcás tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac arna scaoileadh cheana lena dtomhailt i mBallstát eile, má thoirmisctear na táirgí sin a chur ar an margadh sa Bhallstát tomhaltais.’.

4. Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 50a

Saothróirí tobac, a gcuid eagraíochtaí agus a gcuid comhlachas

1. Déanfaidh na Ballstáit saothraithe tobac, a n-eagraíochtaí agus a gcomhlachais a eisiamh ó cheanglais Airteagail 14 go 21, 24 go 28, 30 go 31, 33 go 42, agus 44 go 47 agus ó na ceanglais eile a bhaineann le hinmhuirearacht dleachta máil ar thobac amh, ar choinníoll nach bhfuil baint acu le tobac amh a chlaochlú ina thobac monaraithe.

2. Ní mheastar gurb ionann tobac a leasú ná a thriomú agus tobac a chlaochlú ina thobac monaraithe.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit sásraí a bhunú chun rialú a dhéanamh ar ghluaiseacht, ar choinneáil agus ar stóráil an tobac amh a dhéantar go hiomlán ar a críoch.’.

Airteagal 1a

Leasaítear Treoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha mar a leanas:

Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 2, mír 3:

‘3. Ciallóidh ‘táirgí faoi réir dleacht mháil’ táirgí de réir bhrí Airteagal 1 (1) de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle, cé is moite den ghás arna sholáthar trí chóras gáis nádúrtha atá suite laistigh de chríoch an Chomhphobail nó aon líonra atá nasctha le córas den chineál sin, nó leictreachas.’.

Airteagal 2

1. Na dlíthe, rialúcháin agus forálacha riaracháin is gá chun an tAirteagal 1 seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh 2028. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón 1 Iúil 2028.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt mar sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach leis an tagairt sin a dhéanamh.

2. Cuirfidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán